

**INIÚCHTA**

**RÁITEAS AIRGEADAIS BLIANTÚIL**

**Comhairle Contae Chorcaí**

**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022**

# AN CLÁR ÁBHAR INIÚCHTA

	<b>Leathanach</b>
Athbhreithniú Airgeadais	3-12
Deimhniú an Phríomhfheidhmeannaigh/an Cheannasaí Airgeadais	13
Tuairim Iniúchta	14
An Ráiteas faoi na Beartais Cuntasaíochta	15-19
<b>Cuntais Airgeadais</b>	<b>20</b>
An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Cuntas Ioncaim agus Caiteachais)	21
An Ráiteas ar an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe)	22
An Ráiteas ar Shreabhadh Cistí	23
Nótaí faoi na Cuntais agus atá mar chuid de na Cuntais	24-35
<b>Aguisíní</b>	<b>36</b>
1 Anailís ar Chaiteachas	37
2 Caiteachas agus Ioncam de réir Rannáin	38-41
3 Anailís ar Ioncam ó Dheontais agus Fóirdheontais	42
4 Anailís ar Ioncam ó Earraí agus Seirbhísí	43
5 Achoimre ar Chaiteachas agus Ioncam Caipitil	44
6 Caiteachas agus Ioncam Caipitil de réir Rannáin	45
7 Mórghailiúcháin Ioncaim	46
8 Leas Údarás Áitiúla i gCuideachtaí	47

# Ráitis Airgeadais Bhliantúla amhail an 31 Nollaig 2022

## Athbhreithniú Airgeadais

### Ráiteas Airgeadais Bliantúil don Bhliain Airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022

Cuirtear i láthair an Ráiteas Airgeadais Bliantúil do Chomhairle Contae Chorcaí don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022 i gcomhréir leis an gCód Dea-Chleachtais um Chuntasaíocht Údaráis Áitiúil in Éirinn, na Rialacháin Chuntasaíochta, agus treoracha an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Ullmhaíodh Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2022 ar an gcoincheap fabhruithe agus áirítear ann ioncam d'fhormhór na bpríomhshruthanna ioncaim, ar nós rátaí tráchtála, cíosanna, muirir dhóiteáin, ranníocaíochtaí forbartha agus roinnt mionsruthanna ioncaim. Tugann ioncam réadaithe chun solais, áfach, staid airgeadais na Comhairle agus tabharfar breac-chuntas ar ioncam fabhraithe sna codanna ábhartha.

Tugtar breac-chuntas sa Ráiteas faoi na Beartais Cuntasaíochta (Igh 15-19) na príomhphrionsabail ar ullmhaíodh an Ráiteas Airgeadais Bliantúil bunaithe orthu. Tá na nótaí mar thacaíocht leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Cuimsitheach agus an Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar chuid de na cuntais airgeadais. Is é is cuspóir leis na nótaí, mar aon leis na hagusíní breise, anailís agus míniúchán níos mionsonraithe a thabhairt ar na figiúirí a áirítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus go háirithe an Clár Comhardaithe. Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil faoi réir iniúchadh seachtrach, a dhéanann iniúchóir den tSeirbhís Iniúchta Rialtais Áitiúil, arb é is aidhm dó teacht ar thuairim neamhspleách maidir leis na cuntais.

Tugtar tuairisc sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil ar ghníomhaíocht na Comhairle ó lá go lá agus é sin i bhfoirm an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas Cuimsitheach, arna achoimriú de réir Rannáin. Tugtar cuntas sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ar staid airgeadais fhoriomlán na Comhairle amhail an 31 Nollaig 2022. Tugtar comparáidí le 2021 de réir mar is iomchuí.

Tuairiscítear tromlach an Ioncaim agus an Chaiteachais ar bhonn fabhraithe sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil. Ach tuairiscítear roinnt de shruthanna níos lú na Comhairle go fóill ar bhonn airgead tirim.

## ATHBHREITHNIÚ AR STAID AIRGEADAIS DHEIREADH NA BLIANA

### An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Cuntas Ioncaim agus Caiteachais)

Léirítear sa chuntas seo, mar a leagtar amach thuas, an caiteachas agus an t-ioncam ar ghnáth-reáchtáil na Comhairle. Tuairiscítear costais oibriúcháin ar nós cothabháil tithíochta, bóithre, seirbhísí comhshaoil, caitheamh aimsire agus taitneamhachta, forbairt eacnamaíoch, agus seirbhísí uisce, mar aon le costais riaracháin agus tacaíochta sa ráiteas seo de réir Rannáin. Is mar seo a leanas atá an ghníomhaíocht ar an gcuntas le haghaidh 2022:

**TÁBLA 1 Cuntas Ioncaim agus Caiteachais**

	2022	2021	Movement
<i>Income</i>	€419,121,830	€392,427,841	€26,693,989
<i>Expenditure</i>	€393,162,546	€363,453,616	€29,708,931
<i>Transfers to Capital</i>	€25,897,657	€28,909,081	(€3,011,424)
<i>Surplus/(Deficit) for Year</i>	€61,626	€65,144	(€3,518)
<i>Opening Revenue Reserve</i>	€7,595,252	€7,530,107	€65,145
<i>Closing Revenue Reserve</i>	€7,656,878	€7,595,252	€61,626

Rinneadh foráil do chailteanas buiséid €4,129,573 in 2022. De bharr monatóireacht leanúnach ar rialú buiséadach i rith na bliana mar aon le huasmhéadú ioncaim, bhí laghdú foriomlán ar an gcaillteanas buiséadaithe €4.2m. Dá thoradh sin, tuairiscíodh barrachas €61,626 do 2022, méadú lenár gcuntas cúlchiste.

Meastar go bhfuil an t-iarhmhéid ar an gcuntas Cúlchiste stuama agus sásúil. D'éascair an barrachas tuairiscithe go príomha as caiteachas stuama le linn 2022, buacacht ó rátaí tráchtála, cíos tithíochta agus ioncam eile, chomh maith le tacaíocht ón Rialtas tríd an Scéim um Tharscaoileadh Rátaí Tráchtála, maoiniú deontais agus fordheontais bhreise.

**TÁBLA 2 Ioncam Airgid de réir Foinsí**

		2022		2021	
	Appendix No	€		€	
State Grants & Subsidies	3	168,356,690	40.2%	152,470,491	38.9%
Contributions from other Local Authorities		848,981	0.2%	958,961	0.2%
Goods and Services	4	112,943,789	26.9%	107,873,909	27.5%
		<b>282,149,461</b>	<b>67.3%</b>	<b>261,303,361</b>	<b>66.6%</b>
Local Government Fund - General Purpose Grant		17,178,711	4.1%	17,155,999	4.4%
Rates		119,793,658	28.6%	113,968,481	29.0%
<b>Total Income</b>		<b>419,121,830</b>	<b>100.0%</b>	<b>392,427,841</b>	<b>100.0%</b>

## Aistrithe chuig Caipiteal (Nóta 14) Iomlán €25.8m

Áirítear ar aistrithe chuig Caipiteal forálacha i mBuiséad 2022 do chlár arna ndéanamh tríd an gcuntas caipitil, aisíocaíochtaí iasachta agus foráil cúlchistí chun tionscadail shonracha a mhaoiniú. Anuas air sin, imfhálaíodh agus caipitlíodh do 2023 GMA, Ciste Forbartha Baile, Ciste Breisithe Sráidbhaile agus Díbhinn Páirceáil Íochta nár caitheadh.

Tá aistrithe comhdhéanta d'fhorálacha buiséid, mar a glacadh leo sa Bhuiséad. Anuas ar na forálacha sin a glacadh sa Bhuiséad de bharr bainistíocht speansais stuama bhí roinnt aistrithe breise chuig Cúlchistí Caipitil lena n-áirítear:

- Caipitliú cistí MD nár caitheadh – GMA/TDF/VRF/PRD/ agus Clár Ealaíon €4.3m
- Clár Dírithe ar an Aeráid:
  - Uasghráduithe Fuinnimh Foirgníochta €250k
  - Dreidireacht, Céanna agus Cuanta agus Creimeadh Cósta €475k
- Iarchúram Líonta Talún €650k
- Clár Athnuachana Baile – Méadú le Cúlchiste PARU €232k
- Méadú lenár bhFoirgnimh Bhardasacha/Taitneamhachtaí Lárnacha €385k
- Clár um Sheirbhísí Leabharlainne €250k
- Cúlchiste Gléasra agus Innealra €1.44m.

## BUISÉID FHORLÍONTACHA

Tuairisc ar chaiteachas breise don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022. An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 – A104 (arna leasú).

Le linn na bliana airgeadais 2022, tabhaíodh caiteachas breise €51.3m, i gcoinne an Bhuiséid Ghlátha. Maoiníodh an caiteachas breise ar cheann de na bealaí a leanas:

1. Leithdháiltí Deontais Breise – go háirithe i Rannán A Tithíocht & Foirgníocht agus Rannán B Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre agus Rannán D Bainistíocht Forbartha
2. Coigiltis i gCaiteachas Buiséadaithe
3. Ioncam Breise – ar nós i Rátaí agus Buacacht Ioncaim Cíosa

Tugtar breac-chuntas i Nóta 16 den Ráiteas Airgeadais ar an gcaiteachas breise sin agus léirítear roinnt de na príomhghluaiseachtaí i dtábla 3.

**Tábla 3 Míniú ar na hAthruithe Suntasacha**

Revenue Division	€ Expenditure (Over ) Budget	Comment
Housing & Building	(22,568,695)	Increase of €20m in Expenditure on PPP Scheme offset by additional Grant Income, Increase in expenditure in Housing Maintenance €2.4m offset by Housing Rents Buoyancy
Roads Transportation & Safety	(13,962,969)	Increase in Roads Expenditure on regional & local roads programme offset by Increased Match Funding
Water Services	(520,733)	Additional Expenditure on Maintenance of Public Conveniences & Group Schemes partly offset by grant funding
Development Management	(3,163,995)	Additional Expenditure €2.7m on Ukrainian Refugee Response and Community Grant Schemes Matched by Grant Funding
Environmental Services	(403,478)	Increased expenditure on Fire Services , Fire Service Training & Fire Cert Control
Recreation & Amenity	(3,775,337)	Additional Expenditure on Arts Programme matched by Grant, GMA/TDF & VDF Funds expenditure as funding rolledover from 2021
Miscellaneous Services	(7,021,830)	Additional Expenditure in Machinery Yard , Rates Waiver Paid €2.4 match by Grant Subsidy , Pay Increases covered by 3.4m Grant Subsidy
<b>Total</b>	<b>(51,417,037)</b>	

## AN RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS (Clár Comhardaithe)

Tugtar achoimre sa ráiteas seo ar ghníomhaíocht airgeadais iomlán na Comhairle don bhliain in éineacht le figiúirí comparáideacha le blianta eile.

Áirítear leis an ráiteas sócmhainní agus dliteanais mar seo a leanas:

- Sócmhainní a tógadh/ceannaíodh le déanaí agus sócmhainní stairiúla.
- Obair idir lámha agus réamhscéimeanna – bóithre agus tithíocht go príomha

- Féichiúnaithe Fadtéarmacha – iasachtaí tithíochta
- Sócmhainní Reatha – lena n-áirítear Stoc, Féichiúnaithe, Airgead Tirim sa Bhanc.
- Dlíteanais reatha agus fhadtéarmacha – iasachtaí morgáiste agus iasachtaí nach morgáistí iad.
- Cúlchistí/Iarmhéideanna Éagsúla

Bhí luach €7.965 billiún de Ghlansócmhainní ann ag deireadh 2022.

## CUNTAS CAIPITIL

Taifeadtar sa chuntas caipitil ioncam agus caiteachas i ndáil le fáil agus soláthar sócmhainní a bhaineann le seirbhísí a chuireann an Chomhairle ar fáil.

*Seo a leanas an ghníomhaíocht don bhliain:*

### **Tábla 4 – Achoimre ar Ghníomhaíocht ar an gCuntas Caipitil**

*Activity for the year is as follows:*

	€
Expenditure	294,380,793
Income	
Grants	251,953,706
Borrowings Non- Mortgage Loans	6,494,085
Other	34,880,281
<b>Net Expenditure</b>	<u>1,052,721</u>
Transfers to/ from Revenue	(15,596,779)
Opening Credit balance	<u>(173,380,672)</u>
<b>Closing Capital Credit Balance</b>	<u><b>(187,924,730)</b></u>

Léiríonn an méid a leanas an t-iarmhéid sochair dúnta thuas glan ó aistrithe:

Work in Progress and Preliminary Expenditure	277,950
Voluntary/Affordable Housing	6,083,160
Completed Schemes	(2,207,294)
Reserves of the Council	141,435,854
Development Levy contributions *	42,335,059
<b>Closing Capital Credit Balance</b>	<u><b>187,924,730</b></u>

*\* Tugtar cuntas ar ranníocaíochtaí tobhach forbartha ar bhonn fabhráithe ó thobhaigh stairiúla nár bailíodh go fóill.*

Léiríonn caiteachas an chuntais caipitil infheistíocht leanúnach na Comhairle faoi Straitéis Tithíochta Sóisialta an Rialtais. Léirítear dul chun cinn Mórchláir Tithíochta Lándéanta agus Sóisialta mar aon le

ceannach Tithe faoi scéimeanna Fála agus Ceannaigh agus scéimeanna Athnuachana. Áiríodh ar na príomhghníomhaíochtaí sa chlár Bóithre agus Iompair leanúnachas seachbhóthar Bhaile Bhuirne Mhaigh Chromtha, caiteachas ar Neartú Pábhála agus Cosáin mar aon le gníomhaíocht faoin Leithdháileadh um Beart Taisteal Gníomhach. Áiríodh ar phríomhthionscadail eile a cuireadh chun cinn mar chuid de Chlár Infheistíochta Caipitil na Comhairle Leabharlann Chionn tSáile, Clárchosán Mhala, PLEEP, Leabharlann agus Amharclann Bhearna na Sceiche agus Glasbhealach Mhainistir na Corann/Eochaille.

Tugtar breac-chuntas in Aguisín 5 agus 6 den Ráiteas Airgeadais ar an leibhéal gníomhaíochta don bhliain ar an gcuntas caipitil.

## **Athbhreithniú ar Iarmhéideanna Caipitil**

Déantar athbhreithniú ar iarmhéideanna dochair agus sochair caipitil mar chuid de rialuithe Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2022. De thoradh an athbhreithnithe seo rinneadh scrúdú ar iarmhéideanna caipitil agus i gcás inar iomchuí iarmhéideanna dochair agus sochair a fhritháireamh mar aon le leithdháileadh ranníocaíochtaí forbartha a bailíodh chuig tionscadail mar a leagtar amach sa Chlár Caipitil.

## **GNÍOMHAÍOCHT IASACHTA TITHÍOCHTA MORGÁISTE (NÓTA 7 agus 12)**

Tugtar breac-chuntas i Nóta 12 ar staid Maoinithe Morgáiste na Comhairle amhail an 31 Nollaig 2022:

- B'ionann na hlasachtaí Morgáiste iomlána a réamhíoc an Chomhairle ag deireadh mhí na Nollag agus €77,477,343 (2021: €76,117,257)
- B'ionann na hlasachtaí Morgáiste iomlána a tharraing an Chomhairle anuas agus €75,563,433 (2021: €71,847,532)

Déanann an Chomhairle iarracht cothromaíocht a choimeád ar iasachtaí agus baineann an difríocht €1,913,910 a thagann chun cinn le difríochtaí uainíochta dheireadh na bliana ar tharraingt anuas agus fuascailtí.

I Nótaí 3 agus 7 (a) tugtar breac-chuntas ar an ngníomhaíocht ar réamhíocaíochtaí iasachta agus iasachtaí (faoi seach) de chuid na Comhairle le linn 2022.

## **FÉICHIÚNAITHE**

Tháinig laghdú €8.6m i gcomparáid le 2021 ar Ghlanfhéichiúnaithe Trádála, ar a dtugtar achoimre mar a leanas:



### **Tábla 5 Gluaiseacht i bhFéichiúnaithe**

#### **FÉICHIÚNAITHE**

Tháinig laghdú €8.6m i gcomparáid le 2021 ar Ghlanfhéichiúnaithe Trádála, ar a dtugtar achoimre mar a leanas:

Laghdú ar Fhéichiúnaithe Rialtais	-9,131,890
Méadú ar Fhéichiúnaithe Tráchtála	33,223
Laghdú i bhForáil d’Fhiacha Amhrasacha	5,922
Laghdú ar Fhéichiúnaithe Eile	1,106,194
Laghdú i Sciar Reatha Féichiúnaithe LT	-629,168
	<b><u>-8,615,719</u></b>

#### **CREIDIÚNAITHE agus FABHRUITHE**

Tháinig méadú €20.4m i gcomparáid le 2021 ar Chreidiúnaithe agus Fabhruithe.

### **Tábla 6 – Gluaiseacht i gCreidiúnaithe agus Fabhruithe**

	€
Increase in Trade Creditors	4,351,412
Increase in Other Creditors	889,638
Decrease in Accruals	- 2,381,429
Increase in Revenue Commissioners	1,683,456
Increase in Other Local Authorities	267,524
Increase in Deferred Income	16,002,908
Decrease in Amount falling due within one year	- 326,179
	<b><u>20,487,330</u></b>

## **FORLÉARGAS AR STAID AIRGEADAIS AN ÚDARÁIS**

Léiríonn an staid loncaim iarrachtaí an fheidhmeannais agus na gComhaltaí chun sócmhainní na Comhairle a chosaint le linn bliain gan fasach fad is a spreagtar fás eacnamaíoch i mbailte Contae agus a chothaítear seirbhísí reatha. Tá ár mbarrachas loncaim fós ar leibhéal réasúnach ag deireadh na bliana. Léiríonn an staid Caipitil an bhéim mhéadaithe ar an gClár Tithíochta Sóisialta, feabhsúcháin ar bhonneagar Bóithre mar aon le tábhacht na hinfheistíochta áineasa agus fónais a mhéadú, breisiú an fhearainn phoiblí, tionscnaimh um oiriúnú aeráide agus bithéagsúlachta mar a fheictear sa Chlár Infheistíochta Caipitil.

Tuairiscítear sna cuntais freisin leibhéal suntasach fiachais don Chomhairle atá comhdhéanta go príomha as lasachtaí talún, lasachtaí sócmhainne, lasachtaí Tithíochta Deonaí In-aisfhaighte agus lasachtaí Airgeadas Idirlinne. Baineann iasachtaí idirlinne le hiasachtaí arna dtabhú ar Thithíocht Inacmhainne faoin Tionscnamh Léasaithe Sóisialta faoi láthair. Faightear ar ais aisíocaíochtaí iasachta faoin gcatagóir seo ón Roinn chomh maith leis na muirir iasachta a bhaineann le hiasachtaí Tithíochta Deonaí.

Tarraingíodh anuas lasacht €12m i mí na Nollag 2022 chun an Clár Infheistíochta Inbhuanaitheachta Sóisialta (SSIP) a sheachadadh. Fuair Comhairle Contae Chorcaí €10.9m i dtreo fhuascailt na n-iasachtaí gan íoc ar Aonaid Inacmhainne nach bhfuil Díolta. Iarchuireadh na cistí a fuarthas don fhuascailt sin i ráitis airgeadais na bliana seo de bharr uainiú na tacaíochta, agus tarlóidh an fhuascailt i gcéad ráithe 2023.

## **NÓTA: Aistriú na Freagrachta maidir le Seirbhísí Uisce a Sheachadadh chuig Uisce Éireann**

Rinneadh foráil san Acht um Sheirbhísí Uisce, 2013 agus san Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013 do bhunú Uisce Éireann mar fhochuideachta neamhspleách laistigh de Ghrúpa Bhord Gáis Éireann (Ervia). Ó mhí Eanáir 2014, aistríodh gach feidhm de chuid na nÚdarás Áitiúil a bhain le seirbhísí uisce chuig Uisce Éireann seachas iad siúd a bhain le seirbhísí uisce tuaithe, go mór mhór grúpscéimeanna uisce agus córais cóireála fuíolluisce tí aonair, mar aon le gach sócmhainn agus dliteanas seirbhísí uisce lena mbaineann.

Leanann Comhairle Contae Chorcaí ag seachadadh seirbhísí thar ceann Uisce Éireann trí chomhaontú seirbhíse ar íocaíocht chomhaontaithe. Léiríodh é sin i mbuiséid ioncaim Údaráis Áitiúil a glacadh ó 2014. Comhaontaíodh an Creat Seachadta Seirbhísí Uisce Todhchaíoch i mí an Mheithimh 2022 ina ndéantar foráil d'aistriú iomlán seirbhísí uisce faoin SLA chuig Uisce Éireann ag deireadh 2026.

Ríomhtar agus comhaontaítear idir na hÚdaráis Áitiúla agus Uisce Éireann anailís, ríomh agus luacháil na sócmhainní agus na ndliteanas atá le haistriú chuig Uisce Éireann. Seo a leanas na hathruithe a comhaontaíodh a rinne difear don Ráiteas Airgeadais Bliantúil do Chomhairle Contae Chorcaí:

- Aistriú Reachtúil 90% de Ghlanluach Leabhar Sócmhainní Uisce €792m faoi ordú Aire do Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2014.
- Tugtar i bhfeidhm le I.R. Uimh. 13 de 2015 den Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013 (An Lá Dílsithe Maoine 2015) an t-aistriú feidhmeanna a leagtar amach san Acht.
- 10% sócmhainní fanta – Sócmhainní a bhaineann le feidhmeanna arna gcoimeád ag Údaráis Áitiúla.

Cuireadh tús go luath in 2015 leis an aistriú foirmiúil sócmhainní chuig Uisce Éireann agus tá sé ag dul chun cinn trí Orduithe Aire dá ndéantar foráil faoin Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) de 2013. Ag céimeanna tosaigh an phróisis seo, d'eisigh Uisce Éireann liosta chuig Comhairle Contae Chorcaí de shuíomhanna tosaíochta le haistriú. Faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2022 aistríodh go rathúil os cionn 550 sócmhainn (lena n-áirítear iad sin a bhí ag feitheamh ar ordú dílsithe). Cuirfear ar aghaidh iad sin agus tabharfar fógra don Roinn chun an próiseas aistrithe a chríochnú. Leanfar le tuilleadh aistrithe faoi Ordú Aire le linn 2023.

## CÁIN MHAOINE ÁITIÚIL (CMÁ)

Mar aon le blianta roimhe seo, leithdháileadh 80% den Cháin Mhaoine Áitiúil a íocadh go háitiúil ar údaráis áitiúla. In 2022, bhí an Chomhairle ar cheann de na húdaráis áitiúla a fuair leibhéal níos mó maoinithe de thoradh choimeád áitiúil CMÁ seo (80%), i gcomparáid leis an leibhéal maoinithe a bheadh faighte acu ón Maoiniú Rialtais Áitiúil. Coinníodh 20% de CMÁ chun críche lánroghnaí agus úsáideadh aon bharrachas in Ioncam CMÁ chun maoiniú státchiste do Thithíocht agus Bóithre a ionadú. Áirítear é sin sa rannán deontas in Aguisín 3 agus in Aguisíní 5 agus 6. Seo a leanas sonraí an mhaoinithe CMÁ chuig an gComhairle:

**Tábla 7 – Maoiniú CMÁ don Chomhairle**

	€
Lánroghnach	17,178,711
Ioncam Bóithre	405,816
Ioncam Tithíochta	1,300,000
Tithíocht Chaipitil	<u>9,038,521</u>
	<b><u>27,923,048</u></b>

Fáiltíodh roimh chinneadh na Comhairle chun bonnráta na Cánach Maoine Áitiúla a ardú 7.5% do 2022. De thoradh an chinnidh bhí staid dhearfach ann in 2022 a d'úsáid an t-ioncam a ardaíodh chun tacú le méaduithe breise i seachadadh seirbhíse. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara roinnt de na tairbhí a tabhaíodh don Chomhairle dá thoradh:

- Ciste um Leithdháileadh Bardasach Ginearálta €1.8m
- Clár um Spás Poiblí Breisithe/Cothabhála Cur chuige Baile a chuir maoiniú iomlán €1.1m ar fáil
- Ciste Forbartha Baile €0.95m
- Breisiú an Fhearainn Phoiblí agus Bonneagair i Sráidbhailte: €0.5m

## **CONCLÚID**

Bliain eisceachtúil eile a bhí in 2022 do Chomhairle Contae Chorcaí. Lean an Chomhairle ag seachadadh seirbhísí ardchaighdeáin ar fud an chontae fad is a bhí sí ag obair laistigh de shrianta COVID-19 ag tús na bliana agus faoi bhrúnna boilscithe gan fasach i dtreo na leithe deiridh, ach bhí tionchar airgeadais aige seo ar an gComhairle.

Tréimhse a bhí in 2022 ina raibh go leor neamhchinnteachta agus muid ag téarnamh ón bpaindéim dhomhanda agus ina raibh géarchéim dhaonnúil romhainn le hIonradh na hÚcráine. Bhí slabhraí soláthair domhanda ag streachailt faoi éileamh méadaithe ar earraí agus seirbhísí, an ghéarchéim fuinnimh agus mar gheall ar bhoilsciú méadaithe tá laghdú tagtha ar acmhainneacht leithdháiltí buiséid de réir mar a lean praghsanna ag ardú. Bhí sé dúshlánach freastal ar an éileamh méadaithe ar sheirbhísí san aeráid eacnamaíoch reatha le pobail ag féachaint chuig Údarás Áitiúla i gcomhair tacaíochta agus iad ag fulaingt mar gheall ar thionchar na géarchéime costais maireachtála. Ach, tá comhaltaí tofa, an lucht bainistíochta, agus an fhoireann araon tiomanta do chinntiú go leantar le seirbhísí ríthábhachtacha agus go háirithe chun seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthar do ghnólachtaí agus do phobail, mar aon le díriú ar théarnamh eacnamaíoch a spreagadh.

Aithnítear go bhfuil réimsí teoranta do ghiniúint ioncaim ar fáil d'údarás áitiúla. I gcás na Comhairle, tá sé níos measa fós mar gheall ar an gcaillteanas buacachta ioncaim sa todhchaí de bharr athrú Teorann 2019. Ach cuideoidh an ranníocaíocht bhliantúil nasctha le hinnéacs dá ndéantar foráil faoin Acht RÁ 2019 leis seo. Tá sé ríthábhachtach go n-uasmhéadaítear an maoiniú do chostais oibriúcháin leanúnacha agus d'infheistíocht forbartha caipitil chun riachtanais ar fud an Chontae a shásamh. Dá thoradh sin, cinntí níos suntasaí fós don Chomhairle ag a bhfuil tionchar áitiúil díreach is ea cinnteoireacht ar athrú an ráta Cánach Maoine Áitiúla, an Ráta Bliantúil ar Luacháil a shocrú do rátaí tráchtála agus scéimeanna ranníocaíochtaí forbartha a chinneadh. Ní mór go leanfar ag bainistiú acmhainneacht na Comhairle go stuama agus á forbairt chun na héilimh mhéadaithe ar chlár oibriúcháin agus chaipitil a shásamh. Caithfidh a bheith ullamh chun infheistíocht a éascú agus ceadú d'fhorbairt dul chun cinn fad is a chinntítear nach mbaintear an bonn de sheasamh airgeadais na Comhairle.

Aithnítear agus glactar buíochas as tiomantas leanúnach na foirne agus na gComhaltaí chun seirbhísí ardchaighdeáin a sheachadadh. Tá sé seo soiléir go háirithe trí fhreagra na Comhairle ar ghéarchéim COVID agus anois géarchéim Theifeach na hÚcráine. Leanfaidh Comhairle Contae Chorcaí ag cothú seirbhísí ríthábhachtacha, foinsí maoinithe a uasmhéadú agus na hacmhainní atá ar fáil a úsáid le hinfeistiú ina todhchaí.

# Comhairle Contae Chorcaí

## Deimhniú an Phríomhfheidhmeannaigh agus an Ceannasaí Airgeadais don bhliain dar ch an 31 Nollaig 2022

- 1.1 Táimidne, an Príomhfheidhmeannach agus an Ceannasaí Airgeadais, freagrach as ráiteas airgeadais bliantúil a ullmhú i gcomhréir leis an gcód cleachtais cuntasáíochta arna eisiúint ag an Aire faoi alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001
- 1.2 Táimid freagrach as leabhair chuntais chúil a chothabháil ina nochtar le beachtas réasúnach staid airgeadais an údaráis áitiúil agus a chuirfidh ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann ráitis airgeadais a ullmhaítear na ceanglais reachtúla.
- 1.3 Táimid freagrach as sócmhainní an údaráis áitiúil a choimirciú agus as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.
- 1.4 Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú againn:
  - luamar gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis an gCód Cleachtais Cuntasáíochta agus gur cuireadh na beartais chuntasáíochta i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus,
  - rinneamar breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama;
- 1.5 Deimhnímid go bhfuil ráitis airgeadais Chomhairle Contae Chorcaí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022, mar a leagtar amach ar leathanaigh 15-47 i gcomhréir leis na leabhair chuntais agus ullmhaíodh iad i gcomhréir leis na ceanglais chuntasáíochta mar a threoraigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.



An Príomhfheidhmeannach



An Ceannasaí Airgeadais

Dáta 21.04.2023

Dáta 21.04.2023

## **Tuairim an Iniúcháir Neamhspleách do Chomhaltaí Chomhairle Contae Chorcaí**

Tá iniúchadh déanta agam ar ráiteas airgeadais bliantúil Chomhairle Contae Chorcaí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 mar a leagtar amach ar leathanaigh 15 go 35, atá comhdhéanta den Ráiteas faoi na Beartais Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, an Ráiteas ar an Staid Airgeadais, an Ráiteas ar Shreabhadh Cistí, agus nótaí leis na cuntais agus mar chuid díobh. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina hullmhúchán an Cód Cleachtais agus na Rialacháin Chuntasaíochta mar a d'fhorordaigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

### **Freagrachtaí na Comhairle agus Iniúcháir an Rialtais Áitiúil**

Tá an Chomhairle, i gcomhréir le hAlt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, freagrach as na taifid chuntasaíochta uile a choimeád lena n-áirítear ullmhúchán an Ráitis Airgeadais Bhliantúil. Tá sé de fhreagracht ormsa, bunaithe ar m'iniúchadh, tuairim neamhspleách a chur le chéile ar an ráiteas agus mo thuairim a thuairisciú duitse.

### **Raon feidhme an iniúchta ar an ráiteas airgeadais**

Rinne mé m'iniúchadh i gcomhréir leis an gCód um Chleachtais Iniúchta, mar a fhorordaítear faoi Alt 117 den Acht Rialtais Áitiúil 2001. Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise ábhartha leis na méideanna agus nochtaí sa ráiteas airgeadais bliantúil. Áirítear ann freisin measúnú ar mheastacháin agus ar bhreithiúnais shuntasacha arna ndéanamh in ullmhú an ráitis airgeadais, agus ar an bhfuil na beartais chuntasaíochta iomchuí do chúinsí na Comhairle, an gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus an nochtar go leordhóthanach iad.

Phleanáil agus rinne mé m'iniúchadh chun an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a fháil a mheas mé a bhí riachtanach chun fianaise leordhóthanach a sholáthar chun ráthaíocht réasúnach a thabhairt go bhfuil an ráiteas airgeadais bliantúil saor ó mhiráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó earráide.

### **Tuairim ar an ráiteas airgeadais**

I mo thuairim, cuireann an ráiteas airgeadais bliantúil, a ullmhaíodh i gcomhréir leis an gCód Cleachtais agus na Rialacháin Chuntasaíochta maidir le húdaráis áitiúla, in iúl go cóir staid airgeadais Chomhairle Contae Chorcaí amhail an 31 Nollaig 2022 agus a hioncam agus caiteachas don bhliain dar chríoch ansin.

### **Tuarascáil Iniúchta Reachtúil**

D'ullmhaigh mé freisin tuarascáil iniúchta lena mbaineann dá ndéantar foráil in Alt 120(1)(c) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.



---

**Colin Nolan**  
**Iniúcháir Rialtais Áitiúil**  
**23 Deireadh Fómhair 2023**

# AN RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CUNTASAÍOCHTA

## 1. Ginearálta

Ullmhaíodh na cuntais i gcomhréir leis an gCód Cleachtais Cuntasaíochta maidir le cuntasaíocht údaráis áitiúil, arna n-athbhreithniú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar an 31 Nollaig 2022. Is gá neamhchomhlíontacht le beartais chuntasaíochta mar a leagtar amach sa Chód Cleachtais Cuntasaíochta a lua sna Beartais agus Nótaí leis na Cuntais.

## 2. An Ráiteas ar Shreabhadh Cistí

Tugadh Ráiteas ar Shreabhadh Cistí isteach mar chuid de Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2011. Cé gur leanadh treoir Chaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 7 Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, tá difríocht mhór idir gnó na n-údarás áitiúil agus gnó fhorhóir na n-eagraíochtaí san earnáil phríobháideach. Dá bhrí sin, comhaontaíodh roinnt mionathruithe ar an bhformáid chun a áirithiú go mbeadh brí leis na sonraí atá ar taispeáint agus go mbeidís úsáideach laistigh d'earnáil an rialtais áitiúil. Ar an gcúis sin, táthar ag tagairt don ráiteas mar 'Ráiteas ar Shreabhadh Cistí'. Áirítear Ráiteas ar Shreabhadh Cistí sna cuntais airgeadais anois, a thaispeántar i ndiaidh an Ráitis ar an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe). Baineann Nótaí 17–22 leis an Ráiteas ar Shreabhadh Cistí agus taispeántar iad sna Nótaí ar chuid na gCuntas den Ráiteas Airgeadais Bliantúil agus mar chuid díobh. Mionsonraítear in Nóta 19 Iarmhéideanna Tionscadail / Neamhthionscadail / Inacmhainne / Deonacha, ar féidir leo a bheith ina n-iarmhéid dochair nó sochair.

## 3. Fabhrúithe

Ullmhaíodh na cuntais ioncaim agus caipitil ar bhonn fabhrúithe de réir an Chóid Cleachtais. **(Ba cheart do gach údarás áitiúil na réimsí a liostú nach bhfuil siad ag comhlíonadh an bheartais seo, e.g. ranníocaíochtaí forbartha)**

## 4. Muirir Úis

Is féidir iasachtaí atá iníoctha a roinnt sa dá chatagóir seo a leanas:

- Iasachtaí a bhaineann le morgáistí
- Iasachtaí nach mbaineann le morgáistí

### 4.1 Iasachtaí a Bhaineann le Morgáistí

Tá sruth ioncaim comhfhreagrach ag iasachtaí a bhaineann le morgáiste ó airleacain fhadtéarmacha (i.e. airgead a thugann na húdarás áitiúla ar iasacht d'iasachtaithe), chun tithe a cheannach. Ní ghearrtar nó ní chuirtear chun sochair ach an ghné úis leis an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais).

## **4.2 Iasachtaí nach mBaineann le Morgáistí**

I Nóta 7 a ghabhann leis na cuntais leagtar amach na cineálacha iasachtaí faoin gceannteideal seo. Iasachtaí a bhaineann le sócmhainní / deontais, ní bheidh sruth ioncaim comhfhreagrach ag maoiniú ioncaim. Beidh airgeadas idirlinne ina chuid den mhaoiniú buan sa deireadh. Beidh luach comhfhreagrach ag iasachtaí i leith na gceannteideal eile i Nóta 3.

## **5. Pinsin**

Gearrtar fócaíochtaí i leith pinsean agus aiscí ar an gcuntas ioncaim sa tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar na híocaíochtaí. Cuimsíonn costas tuarastail agus pá sna cuntais asbhaintí i leith ranníocaíochtaí pinsin (lena n-áirítear Baintreacha agus Dílleachtaí) faoin Scéim Aoisliúntais Rialtais Áitiúil agus faoin Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair.

Cuireadh tús leis an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (“Scéim Aonair”) le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Leanann údaráis áitiúla de ranníocaíochtaí fostaithe don Scéim Aonair a asbhaint ach cuirtear ar aghaidh go lárnach iad chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## **6. Gníomhaireacht agus Seirbhísí Eile**

Aisíoctar caiteachas ar sheirbhísí a sholáthraítear nó a dhéantar thar ceann údaráis áitiúla eile ar a gcostas nó de réir comhaontuithe sonracha.

## **7. Soláthar do Dhrochfhiacha agus Fiacha Amhrasacha**

Rinneadh soláthar sna cuntais ábhartha le haghaidh drochfhiacha agus fiacha amhrasacha.

## **8. Sócmhainní Seasta**

### **8.1 Aicmiú Sócmhainní**

Déantar sócmhainní seasta a aicmiú i gcatagóirí mar atá leagtha amach sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe). Tá miondealú breise de réir cineál sócmhainne leagtha amach i nóta 1 leis na cuntais.

### **8.2 Aitheantas**

Déantar gach caiteachas ar fháil nó ar fhoirgníú sócmhainní seasta a chaipitliú ar bhonn fabhráithe.

### **8.3 Tomhas**

Áiríodh den chéad uair i Ráiteas Airgeadais Bhliantúil 2003 Ráiteas ar an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) inar ionchorpraíodh gach ceann de shócmhainní an údaráis áitiúil. Rinneadh na sócmhainní a luacháil bunaithe ar an ‘Treoirlíne Luachála’ a d’eisigh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Rinneadh gach sócmhainn a ceannaíodh nó a foirgníodh amhail ón 1/1/2004 a áireamh mar chostas stairiúil. Tá beartais cuntasaíochta a bhaineann le léasanna á bhforbairt faoi láthair agus léireofar iad sna ráitis airgeadais amach anseo.



## 8.4 Athluacháil

Mar atá leagtha amach in athbhreithniú ar an gCód Cleachtais Cuntasaíochta is é an beartas sócmhainní seasta a thaispeáint ar a gcostas. Ní áirítear costais chothabhála agus feabhsúcháin a bhaineann le Sócmhainní Bonneagair i sócmhainní seasta faoi láthair ach déanfar iad a athbhreithniú amach anseo. Mar gheall ar a nádúr fisiceach tá formhór mór na sócmhainní uathúil d'údaráis áitiúla agus níl siad faoi réir diúscairt. Tugtar cuntas ar aon chailteanas nó gnóthachan a bhaineann le glanluach inréadaithe na sócmhainní ginearálta eile atá faoi réir diúscairt, tráth na diúscairt.

## 8.5 Diúscairtí

Maidir le sócmhainní indiúscairta, cuirtear ioncam chun sochair do chúlchiste ar leith agus cuirtear i bhfeidhm é go ginearálta i gceannach sócmhainní nua. Tá fáiltas ó dhíol tithe údaráis áitiúil le cur i bhfeidhm de réir mar a ordóidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

## 8.6 Dímheas

Faoin modh reatha cuntasaíochta, déantar an muirear dímheasa a fhritháireamh ag amúchadh fhoinsé maoinithe na sócmhainne. Tá tionchar neodrach ag an modh seo ar loncam agus Caiteachas agus dá bhrí sin tá an muirear ar dhímheas agus an creidmheas comhfhreagrach ó amúchadh eisiata ón Ráiteas ar loncam Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim & Caiteachais).

Is iad seo a leanas na beartais a chuirtear i bhfeidhm ar shócmhainní atá faoi réir dímheasa:

Cineál Sócmhainne	Boinn	Ráta Dímheasa
Innealra agus Gléasra		
- Fadsaoil	S/L	10%
- Gearrshaoil	S/L	20%
Trealamh	S/L	20%
Troscán	S/L	20%
Sócmhainní Oidhreacht		Nialas
Leabhair Leabharlainne		Nialas
Clóis Súgartha	S/L	20%
Páirceanna	S/L	2%
Suíomhanna líonta talún (*Féach nóta)		
Sócmhainní Uisce		
- Scéimeanna Uisce	S/L	Saol sócmhainne os cionn 70 bliain
- Scéimeanna draenála	S/L	Saol sócmhainne os cionn 50 bliain

Ní ghearrann an Chomhairle dímheas sa bhliain diúscairta agus gearrfaidh sí dímheas bliana iomláine sa bhliain fála.

**\* Tá luach suíomhanna líonta talún curtha san áireamh i nóta 1 faoi 'thalamh'. Léiríonn dímheas ídiú na sócmhainne líonta talún.**

**\*\* Cuireadh luach ainmniúil €88m ar Shócmhainní Uisce a fhanfaidh ar Chlár Comhardaithe Chomhairle Contae Chorcaí nuair a chuirtear aistriú na sócmhainní chuig Uisce Éireann i gcrích. Ag an bpointe seo, ní féidir an luach beacht tar éis an phróiseas a chur i gcrích a chinneadh. Dá bhrí sin, ní an €88m á dhímheas. Nuair a chríochnófar é, aistrefar na sócmhainní chuig catagóir eile.**

## **9. Deontais Rialtais**

Tugtar cuntas ar dheontais rialtais ar bhonn fabhráithe. Cuirtear deontais a fhaightear chun oibríochtaí ó lá go lá a chumhdach chun sochair don Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim & Caiteachais). Taispeántar deontais a fhaightear, a bhaineann le sócmhainní a thógáil, mar chuid d'ioncam na hoibre atá idir lámha. Aistrítear an t-ioncam chuig cuntas caipitlithe ar chríochnú an tionscadail.

## **10. Féichiúnaithe agus Ioncam Forbartha**

Cuirtear féichiúnaithe tobhaigh forbartha gearrthéarmacha san áireamh i nóta 5. Déantar ioncam ó ranníocaíochtaí forbartha nach bhfuil le híoc laistigh den bhliain reatha a chur siar agus ní nochtar é ar leithligh sna ráitis airgeadais.

## **11. Fhuascailt Fiachais**

Cuirtear na fáiltais ó iasachtaí a fhuascailt go luath ag iasachtaithe i bhfeidhm ar fhuascailt iasachtaí a bhaineann le morgáistí ó HFA agus OPW.

## **12. Scéimeanna Léasa**

Gearrtar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibríúcháin ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim & Caiteachais). Cuirtear sócmhainní a fhaightear faoi léas airgeadais san áireamh i sócmhainní seasta. Taispeántar an méid atá dlite ar iarmhéideanna gan íoc faoi dhliteanais reatha agus creidiúnaithe fadtéarmacha.

## **13. Stoc**

Déantar stoic a luacháil ar bhonn meánchostas.

## **14. Obair idir Lámha agus Réamhchaiteachas**

Is é atá i gceist le hobair idir lámha agus réamhchaiteachas ná costas stairiúil carntha tionscadal éagsúil a bhaineann le caipiteal. Taispeántar an t-ioncam a fabhraíodh i leith na dtionscadal seo sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) mar Ioncam 'OIL'.

## **15. Leas i gCuideachtaí Údarás Áitiúil**

Liostaítear leas Chomhairle Contae Chorcaí i gcuideachtaí in Aguisín 8.

## **16. Páirtithe Gaolmhara**

Is éard atá in idirbheart páirtí gaolmhar ná aistriú acmhainní, seirbhísí nó oibleagáidí idir an t-údarás áitiúil agus páirtí gaolmhar. Is iad seo a leanas na príomhpháirtithe gaolmhara atá ann d'údarás áitiúil:

- i. Bainistíocht agus Pearsanra
- ii. Comhaltaí na Comhairle
- iii. Ranna Rialtais
- iv. Cuideachtaí Údarás Áitiúil

Tá comhaltaí comhairle Údarás Áitiúil agus príomhphearsanra faoi cheangal ag ailt ábhartha den Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus reachtaíocht leasaitheach ina dhiaidh sin chun:

- a. dearbhú bliantúil 'leasanna is gá a fhógairt' arna leagan amach in alt 175 den Acht a sholáthar;
- b. nochtadh aon leasanna tairbhiúla faoi ailt 167, 178 agus 179 atá acu siúd nó ag duine bainteach; agus
- c. cód iompair a leanúint arna eisiúint ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi alt 169 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 in 2004.

Cumhdaíonn 'Leasanna is gá a fhógairt' leasanna airgeadais agus leasanna áirithe eile cosúil le talamh etc. Is í an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a dheimhníonn tuarastal agus íocaíocht pearsanra agus bainistíocht údarás áitiúil ar aon dul le beartas rialtas áitiúil lárnach ar rátaí pá.

Nochtar leasanna Údarás Áitiúil i gcuideachtaí agus i gcomhfhiontair in Aguisín 8 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

Tá idirbhearta Údarás Áitiúil le ranna rialtais faoi rialú ag rialuithe agus nósanna imeachta an rialtais lárnaigh á spreagadh ag rialacha cuntasáíochta rialtais.

## **17. Dlíteanais Theagmhasacha**

Is ann do roinnt dlíteanais theagmhasacha ag deireadh 2022 agus déanfaidh Comhairle Contae Chorcaí faire Faoi láthair, áfach, ní féidir éifeacht airgeadais réasúnach a chainníochtú.

## **18. Athbhreithniú ar Iarmhéideanna Caipitil**

Leanadh le hathbhreithniú leanúnach ar iarmhéideanna dochair agus sochair Caipitil in 2022. Rinneadh Creid

Leithdháiltear Ranníocaíochtaí Forbartha ar an gClár Caipitil agus tionscadail eile.

## **19. CMÁ**

Dáileadh leithdháileadh cistí CMÁ le linn 2022 de réir na bhfógraí / dtreoracha ón Roinn Tithíochta, Rialtais Ái

## **20. An Limistéar Teorann Sínithe a chur san áireamh**

Cuireadh san áireamh na sócmhainní agus na dlíteanais uile le faisnéis riachtanach a bhí ar fáil ba ghá a nuashonrú nó a bhaint. Ach beidh sócmhainní agus dlíteanais eile nach mbeidh san áireamh i Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2022 agus a dhéanfar a choigeartú mar chuid de Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2023. Áirítear anseo Iarmhéideanna caipitil agus sócmhainní comhfhreagracha.

# **CUNTAIS AIRGEADAIS**

## AN RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH (RÁITEAS CUNTAIS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS) DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2022

Leis an Ráiteas Cuntais Ioncaim agus Caiteachais tugtar le chéile an t-ioncam agus an caiteachas uile a bhaineann le hioncam. Taispeántar an barrachas/(easnamh) don bhliain. Taispeántar aistrihe chuig/ó chúlchistí ar leithligh agus ní leithdháiltear iad de réir rannán seirbhíse. Leithdháileann Nóta 16 aistrihe de réir rannán seirbhíse san fhormaid chéanna le Tábla A de bhuiséad glactha an Údaráis Áitiúil.

### Caiteachas de réir Rannáin

Nótaí	Oilchaiteachas	Ioncam	Glanchaiteachas	Glanchaiteachas
	2022 €	2022 €	2022 €	2021 €
Tithíocht & Foirgníocht	88,736,994	88,600,613	136,382	(309,415)
Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	104,733,905	74,072,502	30,661,404	29,449,178
Seirbhísí Uisce	39,160,313	36,294,799	2,865,513	3,275,829
Bainistíocht Forbartha	38,200,368	14,236,468	23,963,900	21,380,886
Seirbhísí Comhshaoil	41,679,293	9,357,243	32,322,050	29,920,322
Áineas & Fónais	26,938,136	3,084,491	23,853,645	22,293,825
Talmhaíocht, Bia agus Muir	5,327,749	2,420,080	2,907,668	2,624,854
Seirbhísí Ilghnéitheacha	48,385,789	54,083,264	(5,697,475)	(6,485,224)
<b>Caiteachas/Ioncam Iomlán</b>	<b>393,162,546</b>	<b>282,149,461</b>		
<b>Glanchoistas na Rannán le maoiniú ó Rátaí agus Cáin Mhaoine Áitiúil</b>			<b>111,013,086</b>	102,150,255
Rátaí			119,793,658	113,968,481
Cáin Mhaoine Áitiúil			17,178,711	17,155,999
<b>Barrachas/(Easnamh) don bhliain roimh Aistrihe</b>			<b>25,959,284</b>	28,974,225
<b>Aistrihe ó(chuig) Cúlchistí</b>			(25,897,657)	(28,909,081)
<b>Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don bhliain</b>			<b>61,626</b>	65,144
<b>Cúlchiste Ginearálta @1 Eanáir 2022</b>			7,595,252	7,530,107
<b>Cúlchiste Ginearálta @31 Nollaig 2022</b>			<b>7,656,878</b>	7,595,252

## AN RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE) AN 31 NOLLAIG 2022

	Nótaí	2022 €	2021 €
<b>Sócmhainní Seasta</b>	1		
Oibríochtúil		1,921,830,463	1,864,508,810
Bonneagair		5,451,112,917	5,448,204,714
Pobail		59,390,501	59,162,466
Neamhoibríochtúil		35,800,236	35,886,441
		<b>7,468,134,117</b>	<b>7,407,762,431</b>
<b>Obair Idir Lámha agus Réamhchostais</b>	2	490,106,439	364,344,861
<b>Féichiúnaithe Fadtéarmacha</b>	3	160,763,974	152,744,946
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Stoic	4	876,563	711,207
Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí	5	107,024,244	115,378,871
Infheistíochtaí Bainc		284,516,307	280,387,927
Airgead Tirim sa Bhanc		47,527,014	2,817,244
Airgead Tirim faoi Bhealach		41,878	35,930
		<b>439,986,006</b>	<b>399,331,178</b>
<b>Dlíteanais Reatha (Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)</b>			
Rótharraingt Bhainc		-	-
Creidiúnaithe & Fabhruithe	6	227,344,546	206,857,217
Léasanna Airgeadais		-	-
		<b>227,344,546</b>	<b>206,857,217</b>
<b>Glan-Sócmhainní / (Dlíteanais) Reatha</b>		<b>212,641,460</b>	<b>192,473,961</b>
<b>Creidiúnaithe (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)</b>			
Isachtaí Iníochta	7	298,390,670	299,703,940
Léasanna Airgeadais		-	-
Taiscí In-aisíochta	8	24,391,921	20,882,934
Eile		43,360,442	33,685,725
		<b>366,143,034</b>	<b>354,272,600</b>
<b>Glan-Sócmhainní</b>		<b>7,965,502,956</b>	<b>7,763,053,600</b>
<b>Arna léiriú ag</b>			
Cuntas Caipitlíte	9	7,468,134,116	7,407,762,431
Ioncam OIL	2	490,384,389	369,386,504
Cúlchiste Ioncaim Ginearálta		7,656,878	7,595,252
Cúlchistí Sonracha Eile		-	-
Iarmhéideanna Eile	10	(672,426)	(21,690,586)
<i>Figiúr Cothromaithe</i>		(1)	
<b>Cúlchistí Iomlána</b>		<b>7,965,502,956</b>	<b>7,763,053,601</b>

**AN RÁITEAS AR SHREABHADH CISTÍ  
AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2022**

	Nóta	2022 €	2022 €
<b>GNIOMHAÍOCHTAÍ IONCAIM</b>			
Glan-insreabhadh / (eis-sreabhadh) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	17		28,738,226
 <b>GNIOMHAÍOCHTAÍ CAIPITIL</b>			
<b>Toradh ar Infheistíocht &amp; Seirbhísí Airgeadais</b>			
Méadú / (Laghdú) ar Mhaoiniú Caipitilthe Sócmhainní Seasta		60,371,686	
Méadú / (Laghdú) ar OIL/Réamh-Mhaoiniú		120,997,885	
Méadú / (Laghdú) ar Iarmhéideanna Cúlchistí	18	25,863,678	
<b>Glan-insreabhadh / (Eis-sreabhadh) ó Thoradh ar Infheistíocht agus Seirbhísí Airgeadais</b>		<u>207,233,248</u>	<b>207,233,248</b>
 <b>Caiteachas Caipitil agus Infheistíocht Airgeadais</b>			
(Méadú) / Laghdú ar Shócmhainní Seasta		(60,371,686)	
Méadú / (Laghdú) ar OIL/Réamh-mhaoiniú		(125,761,578)	
Méadú / (Laghdú) ar Iarmhéideanna Caipitil Eile	19	(6,555,927)	
<b>Glan-insreabhadh / (Eis-sreabhadh) ó Chaiteachas Caipitil agus Infheistíocht Airgeadais</b>		<u>(192,689,191)</u>	<b>(192,689,191)</b>
 <b>Maoiniú</b>			
Méadú / (Laghdú) ar Mhaoiniú Iasachta	20	342,419	
(Méadú)/Laghdú ar Mhaoiniú Cúlchiste	21	1,710,408	
<b>Glan-insreabhadh / (eis-sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe</b>		<u>2,052,827</u>	<b>2,052,827</b>
 <b>Sealúchais Tríú Páirtí</b>			
Méadú / (Laghdú) ar Thaisc In-aisíochta			3,508,987
Glanmhéadú / (Laghdú) ar Airgead tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	22		<u><u>48,844,097</u></u>

## NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS AGUS ATÁ MAR CHUID DE NA CUNTAIS

### 1. Sócmhainní Seasta

	Talamh	Páirceanna	Tithíocht	Foirgnimh	Innealra agus Gléasta (Fadsaoil agus Gearrshaoil)	Riomhairí, Troscán agus Trealamh	Oidhreacht	Bóithre agus Bonneagar	Lionra Uisce & Séarachais	Iomlán
	€	€	€	€	€	€	€	€	€	€
<b>Costais</b>										
Costais Charntha @ 1/1/2022	353,903,584	3,939,616	1,327,553,374	253,039,865	43,705,859	24,134,389	10,405,934	5,359,703,126	88,051,590	7,464,437,338
<b>Breiseáin</b>										
- Ceannaithe	460,000	-	1,422,317	1,264,742	3,753,815	12,787	-	1,992,005	-	8,905,666
- Aistrithe OIL	260,730	-	53,868,919	1,866,688	119,525	-	-	-	-	56,115,862
Diúscairt/Aistrithe Reachtúla	-	-	(5,264,243)	(200,000)	(1,696,469)	-	-	-	-	(7,160,712)
Athluachálacha	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Coigearuithe Costais Stairiúla	124,049	9,745	2,698,556	32,448	-	36,313	-	456,198	-	3,357,310
<b>Costais Charntha @ 31/12/2022</b>	<b>354,748,363</b>	<b>3,949,362</b>	<b>1,380,278,924</b>	<b>256,003,744</b>	<b>45,882,730</b>	<b>24,183,489</b>	<b>10,405,934</b>	<b>5,362,151,328</b>	<b>88,051,590</b>	<b>7,525,655,464</b>
<b>Dímheas</b>										
Dímheas @ 1/1/2022	-	960,158	-	-	32,458,383	23,256,365	-	-	(0)	56,674,906
Foráil don Bhliain	-	42,440	-	-	2,452,489	31,567	-	-	-	2,526,497
Diúscairt/Aistrithe Reachtúla	-	-	-	-	(1,680,057)	-	-	-	-	(1,680,057)
